



## Fiche bliain níos déanaí: Na príomhathruithe sa chomhrac i gcoinne saoirse ó phionós i gcás bunchoireanna idirnáisiúnta san AE

### Measúnú ar Straitéis an Líonra um Chinedhíothú chun cur i gcoinne saoirse ó phionós i gcoir an chinedhíothaithe, i gcoireanna in aghaidh na daonnachta agus i gcoireanna cogaidh laistigh den AE agus dá Bhallstáit

Dáta: Bealtaine 2022

URL:

An 1 Iúil 2022, déanfaidh an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta comóradh fiche bliain ar an bhfód a cheiliúradh. D'athdhearbhaigh Reacht na Róimhe fiche bliain ó shin go bhfuil sé de dhualgas ar gach stát a dhlínse choiriúil a fheidmiú orthu siúd atá freagrach as bunchoireanna idirnáisiúnta lena n-áirítear coir an chinedhíothaithe, coireanna in aghaidh na daonnachta agus coireanna cogaidh. Cruthaíodh líonra Eorpach na bpointí teagmhála maidir le daoine atá freagrach as cinedhíothú, as coireanna in aghaidh na daonnachta agus as coireanna cogaidh (an Líonra um Chinedhíothú), arna óstáil ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), chun cabhrú leis na Ballstáit an dualgas sin a chomhlíonadh, agus ar an gcaoi sin tacaítear le prionsabal na comhlántachta.

Le blianta beaga anuas, tharraing roinnt coinbhleachtaí agus cásanna sáruite ollmhóra ar chearta an duine – lena n-áirítear sáruite sa Bhealarúis, san Iaráic, sa Libia agus sa tSiria, gan ach beagán díobh a lua – aird ón bpobal i gcoitinne agus ón bpobal idirnáisiúnta, i bpáirt mar gheall ar fhoréigean na gcoinbhleachtaí sin, agus i bpáirt mar gheall ar a ghaireacht gheografach don AE agus an tionchar díreach atá acu ar shreabh na ndéanaithe. Mar thoradh air sin, tá grinnscrúdú déanta ag íospartaigh, ag an tsochaí sibhialta agus ag an bpobal ar iarrachtaí na mBallstát chun an tsaoirse ó phionós a chomhrac.

Tráth foilsithe na tuarascála seo, tá géarchéim roimh an AE agus a chuid Ballstát ó tháinig Reacht na Róimhe i bhfeidhm. Spreag ionradh na Rúise ar an Úcráin agus bunchoireanna idirnáisiúnta líomhnaithe a rinneadh sa chomhthéacs sin go leor tionscnamh comhuaineach chun cuntasacht a chur chun cinn, lena n-áirítear imscrúduithe a oscailt in aon Bhallstát déag. Gan amhras, cuirfear tástáil ar ullmhacht an AE agus a mBallstát chun dul i ngleic le bunchoireanna idirnáisiúnta a dhéantar ar mhórscaála. Beidh ar an AE ról ceannasach a ghlacadh freisin chun gníomhaíochtaí an iliomad geallsealbhóirí á chomhordú.

Ar an dea-uair, níl cúrsaí cuntasachta AE mar a bhí sé fiche bliain ó shin. Mar thoradh ar na hiarrachtaí gan staonadh atá á stiúradh ag na húdaráis náisiúnta agus ag a gcomhpháirtithe – an Líonra um Chinedhíothú, Eurojust, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol), eagraíochtaí idirnáisiúnta agus gníomhaithe na sochaí sibhialta – tá dul chun cinn suntasach déanta agus ní mór é sin a aithint.



# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN GA

D'éirigh níos mó agus níos mó le haonaid speisialaithe imscrúdaithe agus ionchúisimh a bunaíodh i roinnt Ballstát cásanna a thabhairt chun trialach agus ciontuíthe a dhaingniú do bhunchoireanna idirnáisiúnta, i gcásanna áirithe go carnach le coireanna agus cionta idirnasctha, amhail sceimhlitheoireacht. D'fhorbair na húdarás náisiúnta a gcuid saineolais freisin agus bhí siad in ann leas a bhaint as uirlisí nua don chomhar imscrúdaitheach agus breithiúnach, mar shampla trí imscrúduithe struchtúracha a oscailt ar choireanna mórscála agus trí fhoirne comhphárteacha imscrúdaithe a bhunú. Ina theannta sin, treisíodh go mór mór comhar le cúirteanna idirnáisiúnta agus le meicníochtaí imscrúdaitheacha nua (an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta; An Sásra Idirnáisiúnta, Neamhchlaonta agus Neamhspleách de chuid na Náisiún Aontaithe; agus Foireann Imscrúdaitheach na Náisiún Aontaithe chun Cuntasacht Choireanna a chur chun cinn atá tiomanta do Da'esh/don Stát Ioslamach san Iaráic agus sa Leiveaint), le dul chun cinn suntasach a d'eascair as na coinbhleachtaí san Iaráic agus sa tSiria. Bhí na Ballstáit in ann freagairt go tapa ar chásanna a bhí ag teacht chun cinn agus bhí siad in ann fianaise a bhailiú ó fhoinsí éagsúla (e.g. faisnéis ón láthair chatha agus faisnéis foinse oscailte). I ndáil leis sin, chabhraigh an comhar le Eurojust, le Europol agus leis an Líonra um Chinedhíothú na himscrúduithe dúshlánacha sin a thabhairt chun tosaigh. Ar bhonn níos ginearálta, tá feachtas níos mó ag cleachtóirí agus ag lucht déanta cinntí ar chroíchoireanna idirnáisiúnta, agus is cosúil go bhfuil an t-ábhar sin fós ar an gclár oibre polaitiúil go ceann i bhfad.

In ainneoin an dul chun cinn atá déanta, tá sé fós thar a bheith casta bunchoireanna idirnáisiúnta a imscrúdú agus ionchúiseamh a dhéanamh ina leith. I roinnt Ballstát, cuireann bearnaí reachtacha bac ar ionchúiseamh iomlán coireanna, ar fheidmiú dlínse (uileghabhálach) seach-chríochach, nó ar chomhar breithiúnach idirnáisiúnta nó ar chúnamh dlíthiúil frithphárteach. Tá bunú aonad speisialaithe náisiúnta nó ainmniú foirne tiomnaithe teoranta i gcónaí. Fiú nuair is ann d'aonaid speisialaithe, tá easpa acmhainní airgeadais, teicniúla agus daonna chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar riar cásanna casta atá ag síormhéadú. Ní féidir tosaíocht a thabhairt do roinnt príomhghníomhaíochtaí, amhail for-rochtain ar phobail atá thíos leis. D'fhéadfadh dúshlán a bheith os comhair na n-údarás náisiúnta freisin maidir le comhar a chothú le go leor gníomhaithe sa tsochaí shibhialta. Déanann teorainneacha ar shainorduithe Eurojust agus Europol difear freisin dá gcomhar le geallsealbhóirí tábhachtacha, lena n-áirítear eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Ar deireadh, is cúis mhór inní i gcónaí é cosaint íospartach agus finnéithe do sheirbhísí ionchúisimh.

Trí úsáid a bhaint as tuairimí arna mbailiú ag Rúnaíocht an Líonra um Chinedhíothú ó Bhallstáit an Líonra um Chinedhíothú agus ó na Ballstáit bhreathnóra, déantar athbhreithniú ginearálta ar chúrsaí sa tuarascáil seo. Ag breathnú siar ar na moltaí a liostaítear i straitéis 2014 an Líonra um Chinedhíothú chun cur i gcoinne daoine a bheith ag dul saor ó phionós i gcoir an chinedhíothaithe, i gcoireanna in aghaidh na daonnachta agus i gcoireanna cogaidh laistigh den AE agus dá Bhallstáit, leagtar béim sa tuarascáil ar a bhfuil bainte amach agus ar easnaimh i bhfreagairt bhreithiúnach an AE ar bhunchoireanna idirnáisiúnta. Léirítear sa tuarascáil go bhfuil na hacmhainneachtaí i measc na mBallstát míchothrom go fóill agus go bhfuil gá le fothú acmhainní, in ainneoin go bhfuil méadú suntasach tagtha ar an gcumas chun na cásanna sin a imscrúdú agus a ionchúiseamh ar an leibhéal institiúideach agus ar an leibhéal náisiúnta.

Bunaithe ar an tuarascáil, seolfaidh an Líonra um Chinedhíothú comhairliúchán inmheánach agus bunóidh sé meitheal a mbeidh sé de chúram uirthi sraith moltaí nuashonraithe a cheapadh. Is é



# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN GA

---

an cuspóir atá leis straitéis nua a shainiú a thacóidh le tiomantas athnuaite an AE agus na mBallstát dul i ngleic leis an tsaoirse ó phionós i gcoir an chinedhíothaithe, i gcoireanna in aghaidh na daonnachta agus i gcoireanna cogaidh.